A chairde,

Tá comhairliúchán ar siúl ar Pholasaí ar Éagsúlacht Teanga do Chomhairle Bhéal Feirste. Críochnaíonn an comhairliúchán Dé Mairt 18 Iúil 2017. Is féidir teacht ar mholtaí na Comhairle ar an nasc seo: https://yoursay.belfastcity.gov.uk/chief-executives/draft-policy-on-linguisic-diversity/consult_view/

Tá sé tábhachtach go gcluineann siad ó phobal na Gaeilge, go háirithe mar go bhfuil roinnt meancóga suntasacha i gcáipéis na Comhairle. Is féidir an fhoirm a líonadh isteach ar line, nó litir nó d'aighneacht féin a chur isteach **roimh an spriocdháta** chuig an seoladh seo a leanas:

Dr Lorraine Dennis, Oifigeach Chomhionannais agus Éagsúlachta, Seirbhísí Dlí agus Daonlathais, Oifig and Phríomhfheidhmeannaigh, Comhairle Bhéal Feirste, Belfast BT1 1SD

R-poistl: dennisl@belfastcity.gov.uk / equality@belfastcity.gov.uk

Guthán: 028 90320202 x 6027

Seo chugaibh roinnt pointí le cur san áireamh i bhur bhfreagraí, más maith libh:

1. **Pointí ginearálta**

a. Tá sé soiléir gur ullmhaíodh cáipéis chomhairliúcháin na Comhairle roinnt blianta ó shin agus nár cuireadh chun dáta mar is ceart í. Is oth linn go bhfuil meancóga suntasacha sa cháipéis chomhairliúcháin maidir le bunús reachtúil na Gaeilge ó thuaidh. Mar shampla, ar leathanach 6 na cáipéise, tagraítear do chomhairliúchán ar reachtaíocht Gaeilge agus deirtear 'nach bhfuil torthaí an chomhairliúcháin ar fáil'. Foilsíodh torthaí an chomhairliúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2015. (Léirigh 94.5% do na freagróirí tacaíocht do reachtaíocht Gaeilge.) Faraor, i mí Eanáir 2016, dhiúltaigh an Fheidhmeannas glacadh le hAcht na Gaeilge. Ní thagraítear don diúltú seo i gcáipéis na Comhairle.

b. Mar an gceanna, ar leathanach 11, faoi mhír *4. Moltaí*, tá scríofa, 'The NI Executive has adopted 20 year strategies on both Irish and Ulster-Scots.' Tá sé seo míchruinn. Níor ghlac an Feidhmeannas le straitéisí don Ghaeilge ná d'Albainis Uladh. I gcáipéis na Comhairle, tá sleachta suntasacha ón na dréacht straitéisí Gaeilge agus Albainis Uladh nár glacadh leo. Cuireann seo le doiléireacht na cáipéise agus leis an bhaol go mbeadh míthuiscintí ann.

c. Cé gur cuireadh in iúl don Chomhairle go bhfuil an cháipéis míchruinn, shocraigh Comhairle Bhéal Feirste gan í a cheartú. Creideann muid go léiríonn sé seo dímheas ar phobal na Gaeilge agus easpa tuisceana ar thábhacht na gcinntí a rinneadh le déanaí maidir le polasaithe ar éagsúlacht teanga.

d. Fáiltíonn muid roimh na tagairtí sa cháipéis do Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnda nó Mionlach. Creideann muid gur cheart torthaí na Saineolaithe neamhspleácha ar an Chairt (COMEX) maidir le Mír 75 den Ord Thuaisceart Éireann a chur san áireamh agus an Chomhairle ag plé pholasaithe do theangacha éagsúla. Is iad sin, (ECRML (2010)4, Strasbourg 21 Aibreán 2010, Application of the Charter by the UK, p. 19, parag 12)

POBAL, 13-3ú hurlár, Muileann Abhainn Bheara, 81 Bóthar Chluanaí, Béal Feirste BT12 7AE
Teil: +44 (0)77 13 630325 - R-phost: jmuller@pobal.org; eolas@pobal.org - www.pobal.org

123. The COMEX has been informed of several instances, especially within local councils where it was decided not to promote or use the Irish language within their services on the grounds that it would contravene Section 75 of the Northern Ireland Act, which states that public authorities should take due regard of the need to promote equality of opportunity, among others between persons of different religious belief or political opinion. The Committee of Experts emphasises that this undertaking states that the adoption of special measures in favour of regional or minority languages aimed at promoting equality between the users of these languages and the rest of the population or which take due account of their specific conditions is not considered to be an act of discrimination against the users of more widely-used languages.

e. Chomh maith, dúirt an Coiste Comhairleach ar an Chreatchoinbhinsiún um Chosaint na Mionlach Náisiúnta, (Strasbourg, 22 Nollaig 2011, ACFC/OP/III/(2011)006)

147. […] The Advisory Committee was disconcerted to hear that some representatives of the authorities consider that promoting the use of the Irish language is discriminating against persons belonging to the majority population. Such statements are not in line with the principles of the Framework Convention, and in particular with the provisions of Article 10. It also reiterates that, in line with Article 4.2 and Article 4.3 of the Framework Convention, implementation of minority rights protected under the Framework Convention are not be considered as discriminating against other persons.

2. Pointí faoi ábhar na cáipéise

a. Ba chóir meas a léiriú do gach teanga, ach ní aontaíonn muid gurb ionann cúinsí na dteangacha dúchais agus cúinsí teangacha na mionlach eitneacha. Aithnítear go forleathan go hidirnáisiúnta gur cheart gníomhartha faoi leith a ghlacadh le teangacha atá faoi bhagairt a gcosaint agus a gcur chun chinn. Caithfear prionsabal an ‘rogha teanga’ a aithint i bpolasaí na Comhairle.
b. Molann cáipéis na Comhairle polasaithe difriúla do theangacha dhifriúla, ach ní sonraítear cad é air an mbeadh na polasaithe seo bunaithe. Dar linn, go gcaithfear polasaí a bhunú ar riachtanais oibiachtúil agus ar thuiscint ar thábhacht ar leith na dteangacha dúchais sna tíortha ina labhraítear go traidisiúnta iad.
c. Maidir le dualgais na Comhairle i leith na Gaeilge faoin pholasaí, agus maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge, molann muid gur cheart na moltaí POBAL atá foilsithe in *Acht na Gaeilge TÉ Eis II* a n-úsaid mar bunús chur chuige na Comhairle. Is féidir na moltaí seo a aimsiú ar leathanach 63, Forais Pholaitiúla, 2) Údaráis Áitiúla agus Bardasacha, Mír 16-24; agus ar leathanach 66, Seirbhísí Poiblí, mír 31 - 32 Nasc chuig an doiciméad: http://www.pobal.org/gaeilge/wp-content/uploads/2013/03/Acht-na-Gaeilge-Eis-2-Edition.pdf

Is fearr linn moltaí POBAL, mar dar linn, go bhfuil rannóga cháipéis na Comhairle a bhaineann le dualgais agus seirbhísí iontach lag agus doiléir. Mar shampla:

- Dar linn go leagann an cháipéis barraíocht béime ar 'tolerance and dialogue' in áit ar chosaint and ar chothú na Gaeilge.
- Tagairtí ar chomharthaíocht agus ar 'bhrandáil'. Ba chóir go raibh comharthaí Gaeilge / comharthaí dhátheangacha (Gaeilge-Béarla) le feiceáil gach áit agus gan an Ghaeilge a theorannú go ceantracha ar leith. Maidir le húsáid an lógó, ba chóir glacadh le lógó amháin dhátheangach Gaeilge-Béarla agus an lógó seo in úsáid gach áit mar leagan oifigiúil an logo. Thiocfadh teangacha eile a chur leis an leagan seo de réir cúinsí.
- Leis cois sin, de réir cháipéis na Comhairle, is cosúil nach mbeidh doiciméid Gaeilge ar fáil ach nuair a iarrtar iad. Creideann muid gur cheart na cáipéisí agus na doiciméid is mó a bhfuil ráchairt orthu a chur ar fáil go dhátheangach (Gaeilge-Béarla) in áit leagan aonteanga Béarla a chur ar fáil. Caithfear cur chuige bunaithe ar an tairiscint ghníomhach ('active offer') a chur i bhfeidhm. Thiocfadh doiciméid agus foirmeacha a chur ar fáil i dteangacha eile nuair is gá.
- I gcáipéis na Comhairle, maidir leis an Ghaeilge, tá béim ar aistriúchán agus ar ateangaireacht. Fiú ansin, ní luaitear córas ateagaireachta do Chomhairleoirí (ná d'oifigigh na Comhairle a bhfuil Gaeilge acu) agus is mór an easnamh é seo.
- Aontaíonn muid go bhfuil tábhacht ar leith le haistriúchán agus le hateangaireacht mar uirlisí cumasaithe, ach ba chóir i bhfad níos mó seirbhísí tacaíochta agus forbartha a chur san áireamh i bpolasaí Gaeilge na Comhairle.
- Ag teacht le moltaí POBAL sa doiciméad *Acht na Gaeilge Eis II*, aontaíonn muid gur cheart ar a laghad Oifigeach Gaeilge amháin a fhostú agus go mbeadh an post lán-aimseartha seo dírithe go hiomlán ar an Ghaeilge agus ar riachtanais phobal na Gaeilge sa chathair in áit dualgais a roinnt le teangacha eile.

d. Chomh maith, tacaíonn muid le moltaí taighde POBAL ar riachtanais ghrúpa Gaeilge i mBéal Feirste (2017), is iad:

- Rannóg nua a bhunú taobh istigh de Chomhairle Bhéal Feirste: an Ghaeilge agus forbairt pobail; an turasóireacht; na healaíona; dea-chleachtas / acmhainn an phobail a fhorbairt
- Post/poist lánaimseartha d'Oifigeach Gaeilge / Oifigigh Ghaeilge a chruthú taobh istigh de Chomhairle Bhéal Feirste
- Ba chóir critéir a aithníonn luach breise na Gaeilge a fhorbairt taobh istigh de gach scéim mhaoinithe de chuid na Comhairle, an scéim bhunmhaoinithe ilbhliantúil san áireamh
- Traenáil agus cúrsaí feasachta teanga a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle agus do chomhairleoirí